*An Chigireacht Oideachais agus Oiliúna -*
*Ag Cur Feabhsú Chun Cinn*

CUSTOMER SERVICE EXCELLENCE

Ag Soláthar Seirbhísí Cigireachta do:
An Roinn Oideachais
An Roinn Fostaíochta agus Foghlama
An Roinn Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta

INFHEISTEOIR I NDAOINE

# An Chigireacht Oideachais agus Oiliúna

## Náiscoil Ard Eoin
## Béal Feirste

## Dáta na Cigireachta: Aibreán 2009

## FAISNÉIS STAITISTIÚIL

| | |
|---|---|
| **Ainm an Ionaid Réamhscoile:** | Naíscoil Ard Eoin |
| **Seoladh:** | Ionad Pobail Ard Eoin<br>40 Sráid Herbert<br>BÉAL FEIRSTE<br>BT14 7FE |
| **Cineál Bainistíochta:** | Deonach |

| | |
|---|---|
| **Dáta na Cigireachta:** | 20 Aibreán 2009 |
| **Dáta na Cigireachta roimhe sin:** | |

**1. <u>Sonraí faoi na Páistí</u>**

| **Líon iomlán na bpáistí:** | **seisiún am** | **seisiún pm** |
|---|---|---|
| • atá ag freastal ar an ionad réamhscoile | 16 | - |
| • atá sa bhliain go díreach roimh an chéad bhliain scoile | 8 | - |
| • atá á maoiniú ag an Roinn Oideachais | 8 | - |
| • atá cáilithe faoi chritéir iontrála 1 agus 2 de chuid na Roinne Oideachais | 8 | - |
| • a bhfuil ráiteas ina leith go bhfuil Sainriachtanais Oideachais acu | 0 | - |
| • nach bhfuil ráiteas ina leith ach atá ag fáil teiripe nó tacaíochta a bhaineann le Sainriachtanais Oideachais ó dhaoine gairmiúla eile | 2 | - |
| • a bhfuil an Béarla mar theanga bhreise acu | 0 | - |
| • a d’fhág sa bhliain scoile roimhe seo le freastal ar rang réamhscoile taobh istigh de bhunscoil | 0 | - |
| **Tinreamh:** | | |
| • tinreamh na bpáistí a fuair maoiniú don bhliain scoile roimhe seo ina chéatadán* | | - |

* Bunaithe ar an fhigiúr ón dáta a bhí an iontráil comhlánaithe

## 2. Sonraí faoin Fhoireann

| **Líon:** | **Lánaimseartha** | **Páirtaimseartha** |
|---|---|---|
| Baill foirne agus an ceannaire san áireamh | 2 | 1 |
| Baill foirne a bhfuil cáilíochtaí aitheanta cúram leanaí acu | 2 | 0 |
| Ceapacháin nua le 12 mhí anuas | 1 | 0 |

| **Líon: **** | |
|---|---|
| Mic léinn | 0 |
| Oiliúnaithe | 0 |

** Iomlán socrúchán ó Mheán Fómhair na bliana reatha

## 3. Sonraí faoi Sheisiúin

| **Fad ama sheisiún na maidine** | **Fad ama sheisiún an tráthnóna** | **Líon laethanta a bhí an t-ionad oscailte sa bhliain roimhe** |
|---|---|---|
| 3½ huaire an chloig | - | |

## 4. Ceistneoirí chuig Tuismitheoirí

| | |
|---|---|
| Líon a eisíodh chuig tuismitheoirí: | 16 |
| Céatadán acu a cuireadh ar ais: | 25% |
| Líon na dtuairimí scríofa: | 0 |

**TUAIRISC AR CHIGIREACHT AR NAÍSCOIL ARD EOIN, BÉAL FEIRSTE BT14 7NY (1AB-0556)**

1. Tá Naíscoil Ard Eoin lonnaithe i seomra sainiúil súgartha in Ionad Pobail Ard Eoin. Seo an chéad bhliain di maoiniú a fháil ón Roinn Oideachais (RO) mar chuid den chlár oideachais réamhscolaíochta. Tuairiscítear gur as bailte sa cheantar áitiúil ina labhraítear Béarla bunús na bpáistí; bíonn eispéireas luath-thumtha acu sa Ghaeilge mar mheán cumarsáide agus idirghníomhúcháin ar an naíscoil.

2. Ar na socruithe le haghaidh na cigireachta ar thréadchúram agus ar chosaint leanaí, bhí deis ag tuismitheoirí, ag an ghrúpa bainistíochta agus ag an fhoireann ceistneoir rúnda a chomhlánú roimh an chigireacht. Bhí na tuismitheoirí agus na baill den ghrúpa bainistíochta a d'fhreagair don cheistneoir iontach sásta leis an soláthar. Cuireadh gach freagairt san áireamh mar chuid den chigireacht agus roinneadh iad ar an fhoireann agus ar an ghrúpa bainistíochta.

3. Tá cáilíocht an tréadchúraim sa naíscoil go maith. Tá éiteas dearfach ag an naíscoil agus tá an fhoireann tiomanta do chúram agus d'fholláine na bpáistí. Tá an caidreamh oibre iontach maith idir an fhoireann, na páistí agus na tuismitheoirí.

4. Tá socruithe sásúla curtha ar bun i dtaca le sábháilteacht na bpáistí de. Cuireann na socruithe seo, den chuid is mó, leis an treoir a d'eisigh an Roinn ábhartha ach caithfear aghaidh a thabhairt ar na miondeacrachtaí seo a leanas:

- Ní mór don fhoireann a chinntiú go bhfuil na gnásanna cosaint leanaí agus an polasaí iompraíochta go hiomlán cuimsitheach agus go roinntear gach doiciméad ar na tuismitheoirí.

5. Tá láidreachtaí ag baint le clár na naíscoile le sláinte agus folláine a chur chun cinn agus tiomantas á fhorbairt le páistí a spreagadh chun stíl mhaireachtála shláintiúil a bheith acu.

## CÁILÍOCHT AN tSOLÁTHAIR OIDEACHAIS

6. Oibríonn an fhoireann go dícheallach leis an úsáid is fearr a bhaint as an spás uile atá ar fáil sa seomra súgartha le timpeallacht tharraingteach foghlama a chruthú; tá na láithreacha súgartha eagraithe le roghanna agus neamhspleáchas na bpáistí a chur chun cinn. Tá na páistí socair go maith agus suim acu ina gcuid foghlama; tá a n-iompraíocht go han-mhaith.

7. Is le leas na bpáistí na socruithe foirne inscne measctha. Freagraíonn na buachaillí, go háirithe, go han-mhaith do rólchuspa fireann ag déanamh caidreamh éifeachtach leo agus iad ag súgradh.

8. Déantar bainistíocht mhaith ar an amchlár laethúil le cothroime mhaith a sholáthar idir tréimhsí sínte súgartha saor-roghnaithe agus gníomhaíochtaí cuí grúpa. Cuireann na seisiúin scéalaíochta céimeanna difriúla forbartha na bpáistí san áireamh agus déantar bainstíocht mhaith ar na hidirthréimhsí. Is le leas na bpáistí atá an deis a bhíonn acu bheith páirteach i súgradh fuinniúil fisiceach taobh istigh agus sa halla mór araon. Tá gá lena thuilleadh forbartha ar phleanáil agus ar bhainistíocht na seisiún sa hall agus lena thuilleadh acmhainní do na seisiúin sin le feidhm níos éifeachtaí a bhaint as an am agus as an spás uile atá ar fáil le haghaidh na foghlama.

9. Tá cáilíocht idirghníomhú na mball foirne lánaimseartha leis na páistí go han-mhaith. Léiríonn siad na scileanna cuí agus iad ag cur súgradh a bhfuil cuspóir leis chun cinn, ag tógáil ar smaointe na bpáistí féin agus ag forbairt teanga agus smaoineamh na bpáistí.

10. Is cainteoirí maithe Gaeilge gach ball foirne agus baineann siad úsáid leitheadach as an Ghaeilge ar chúiseanna teagaisc agus le cumarsáid a dhéanamh leis na páistí; úsáideann siad mím, gothaí, agus straitéisí eile go héifeachtach le tacú le tuiscint na bpáistí. Is ar dhóigh shocair shuaimhneach nádúrtha a fhoghlaimíonn na páistí Gaeilge; tá siad ag dul chun cinn go maith agus iad ag sealbhú na teanga. Tig le bunús na bpáistí treoracha a leanúint go maith agus tá cuid acu ag tosú a fhreagairt agus iad ag úsáid focail agus frásaí Gaeilge.

11. Tá an clár laethúil leathan agus cothrom agus cuireann sé deiseanna ar fáil, atá sásúil go dtí an-mhaith, do pháistí bheith ag foghlaim i ngach réimse den churaclam réamhscolaíochta. Áirítear ar láidreachtaí ar leith an chláir: forbairt phearsanta, shóisialta agus mhothúchánach na bpáistí; cur chun cinn an-mhaith theanga bhéil agus thuiscint Ghaeilge na bpáistí agus leibhéal maith freagartha na bpáistí; na deiseanna bheith páirteach i rímeanna agus in amhráin; agus, cur chun cinn teanga na matamaitice. Bíonn na páistí páirteach go muiníneach i bhfiosrú na n-ábhar sa láthair chruthaitheach agus i súgradh samhlaíoch. Ba chóir a thuilleadh deiseanna a chur ar fáil leis na páistí a spreagadh le rudaí beo a bhreathnú agus cúram a dhéanamh dóibh, le hobair chruthaitheach mhacasamhlach s’acu agus le húsáid leabhar i rith an tseisiúin ar fad a chothú.

12. Tá láidreachtaí ag baint leis na modhanna pleanála agus measúnachta. Is léir an-dul chun cinn i luachálacha úsáideacha an chláir sheachtainiúil agus i mbreathnuithe lán-bhrí ar fhreagairtí na bpáistí. Ba chóir don fhoireann leanúint de na doiciméid a scagadh lena chinntiú go mbíonn an cumas foghlama ábhartha agus sainiúil ar bhonn leanúnach agus gur léargas córasach, cuimsitheach, beacht ar gach páiste é an t-eolas ar mheasúnú.

13. Tá tús úsáideach curtha ag an fhoireann ar pholasaí agus na gnásanna a ghabhann leis a fhorbairt do shainriachtanais oideachais. Is eol dóibh cé hiad na páistí a bhféadfadh tacaíocht bhreise a bheith de dhíth orthu, déanann siad idirchaidreamh lena dtuismitheoirí agus tá siad ag tosú a fhorbairt pleananna súgartha aonair le tacú lena gcuid riachtanas. Ní mór don fhoireann a leibhéil scileanna a athbhreithniú sa réimse tábhachtach seo le go sainaithneofar an traenáil agus an tacaíocht atá de dhíth lena scileanna a fhorbairt.

14. Faigheann na tuismitheoirí eolas cuí faoi obair na naíscoile trí réimse modhanna. Spreagtar tuismitheoirí bheith páirteach i ranganna Gaeilge, in imeachtaí agus turais agus bhí siad páirteach le déanaí i seisiún amhránaíochta agus filíochta sa leabharlann áitiúil. Ina theannta sin, bíonn cuireadh ar thuismitheoirí teacht chuig cruinniú níos foirmiúla le dul chun cinn a gcuid páistí a phlé leis an fhoireann.

15. Ag deireadh na bliana réamhscolaíochta, cuireann an fhoireann foirmeacha aistrithe comhlánaithe ar aghaidh chuig na bunscoileanna a n-aistríonn na páistí chucu. Ba chóir naisc churaclaim a fhorbairt a thuilleadh le dul chun cinn cuí a chinntiú i bhfoghlaim na bpáistí agus ionas go dtógfar ar a gcuid eispéireas réamhscolaíochta ón bhliain seo agus iad ag dul isteach sa bhonnchéim.

16. Tá cáilíocht na cóiríochta go maith. Feabhsaíodh na hacmhainní ar na mallaibh agus is leor iad le clár bunúsach a chur i bhfeidhm; tá an gá le hacmhainní breise, le clár níos dúshlánaí a théann chun tosaigh i rith an dá bhliain a chinntiú, sainaitheanta ag an fhoireann.

17. D'éirigh leis an cheannasaí thiomanta dhícheallach an clár réamhscolaíochta a fhorbairt ar an láthair seo laistigh d'achar gairid ama. Oibríonn an fhoireann i gcuideachta a chéile go han-éifeachtach agus cuireann gach ball foirne le cáilíocht mhaith ghinearálta an tsoláthair.

18. Déanann an fhoireann machnamh ar a gcleachtas féin agus léiríonn siad an-tiomantas maidir lena bhforbairt leanúnach ghairmiúil agus feabhsú leanúnach an tsoláthair. Tacaíonn beirt speisialtóirí luath-óige (EYS) go héifeachtach leo agus tá a réimsí éagsúla fócais, an Ghaeilge agus forbairt an tsúgartha, ag comhlánú a chéile. Sainaithníonn an plean forbartha, a roinntear le Naíscoil Bheann Mhadagáin, roinnt réimsí oiriúnacha agus rinneadh leasú cuí ar na mallaibh air le haird a dhíriú ar fhorbairt teanga na bpáistí agus ar naisc níos fearr le Tús Maith (SureStart). Ba chóir, áfach, pleananna gníomhaíochta a fhorbairt do riachtanais shainiúla an dá naíscoil. Ní mór don fhoireann bhainistíochta a chinntiú go bhfuil cumarsáid mhaith idir na baill foirne, na bainisteoirí agus an bheirt EYS agus go bhfuil go leor ama ag an cheannasaí le dul i mbun comhphleanála agus comhfhorbartha.

19. Is iad seo a leanas na príomhláidreachtaí i soláthar oideachais agus tréadchúraim na naíscoile:

- an timpeallacht eagraithe tharraingteach foghlama a chuirtear ar fáil do na páistí;

- an t-amchlár éifeachtach laethúil a sholáthraíonn cothroime idir súgradh saor-roghnaithe agus gníomhaíochtaí grúpa;

- cur chun cinn éifeachtach na Gaeilge trí idirghníomhú an-mhaith idir an fhoireann agus na páistí, leibhéal tuisceana na bpáistí agus a gcuid freagairtí luatha;

- scil na foirne maidir le tacú le smaointe na bpáistí féin agus feidhm a bhaint as cumas foghlama na ngníomhaíochtaí agus na n-imeachtaí laethúla;

- an curaclam leathan cothrom a chuireann chun cinn go han-éifeachtach teanga na bpáistí, luathsmaointe matamaitice agus a scileanna sóisialta agus neamhspleáchas; agus

- an fhianaise ar an dul chun cinn agus ar na feabhsuithe atá déanta ag an cheannasaí dhúthrachtach agus ag a foireann.

20. **Shainaithin an chigireacht réimse le haghaidh feabhsúcháin:**

- an pleanáil, an t-eagrú agus na hacmhainní a fheabhsú le cur leis an chlár súgartha fhisicigh.

21. Sna réimsí a ndearnadh cigireacht orthu, tá cáilíocht an oideachais a sholáthraíonn an naíscoil seo go maith. Tá buanna tábhachtacha ag an naíscoil sa chuid is mó dá soláthar oideachais agus tréadchúraim. Tá réimse feabhsúcháin sainaitheanta ag an chigreacht ar léirigh an naíscoil go bhfuil sé d'acmhainn aici tabhairt faoi. Déanfaidh an Chigireacht Oideachais agus Oiliúna monatóireacht ar dhul chun cinn na naíscoile maidir leis an réimse feabhsúcháin.

© CÓIPCHEART NA CORÓNACH 2009

Is ceadmhach an tuairisc seo a atáirgeadh ina iomláine nó ina codanna, seachas le haghaidh bearta tráchtála, nó i gcomhair réamheolaire nó fógra ar choinníoll go léireofar foinse agus dáta na tuairisce ann.

Is féidir cóipeanna den tuairisc seo a fháil ón Bhrainse Seirbhísí Cigireachta, An Roinn Oideachais, Teach Ráth Giall, 43 Bóthar Bhaile Aodha, Beannchar, Co. an Dúin BT19 7PR. Tá cóip ar fáil chomh maith ar shuíomh gréasáin na Roinne Oideachais: www.deni.gov.uk